An Coimisiún Eorpach

# Cur lenár ngealltanas don Eoraip:

*Scéal Choimisiún von der Leyen*

## AMLÍNE

**Cur lenár ngealltanas don Eoraip: Scéal Choimisiún von der Leyen — Amlíne**

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG

PDF ISBN 978-92-68-13195-4 doi:10.2775/017306 NA-02-24-278-GA-N

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith iarmhairt ar bith a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj).

Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

CREIDIÚNTAÍ
Gach grianghraf © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.

## NOLLAIG 2019

### 1.12

**Chuaigh Coimisiún von der Leyen i mbun oifige**.





### 11.12

Sheol an Coimisiún an **Comhaontú Glas don Eoraip**, lenar leagadh amach treochlár chun go mbeidh an Eoraip ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

## EANÁIR 2020

### 14.1

Cuireadh **Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip** i láthair, chun an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach is gá le haghaidh an aistrithe ghlain a shlógadh, agus an t**Sásra um Aistriú Cóir**, chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár leis an aistriú.



## MÁRTA 2020

### 2.3

**Sheol an Coimisiún an fhoireann um an bhfreagairt ar an gcoróinvíreas** chun **freagairt an Aontais ar an bpaindéim** a chomhordú, rud a thug le chéile gach gné oibre — idir ghnéithe leighis, eacnamaíocha, soghluaisteachta agus iompair.



### 4.3

Leis an **Dlí Aeráide Eorpach**, bheartaigh an Coimisiún an sprioc go mbeidh astaíochtaí glan-nialasacha gás ceaptha teasa ann faoi 2050, sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2021.



### 5.3

**Straitéis nua maidir le comhionannas inscne le haghaidh na tréimhse ó 2020 go 2025** inar leagadh amach bearta chun comhionannas idir mná agus fir a chinntiú san Eoraip.



## 6.3

**100 lá de Choimisiún von der Leyen**, Aontas a fhéachann le níos mó a bhaint amach — a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach ar domhan faoi 2050, todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú agus an Eoraip a dhéanamh níos láidre sa domhan mór.





## 9.3

Le **straitéis nua de chuid an Aontais,** réitíodh an bealach do **chomhpháirtíocht níos láidre leis an Afraic**.

## 10.3

Le **Straitéisí nua Tionsclaíocha** agus **FBManna**, leagadh amach tionscnaimh chun claochluithe glana agus digiteacha ghnólachtaí na hEorpa a éascú.





## 11.3

**Plean nua gníomhaíochta le haghaidh geilleagar ciorclach** le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche.

## 20.3

Gníomhachtaíodh clásal éalaithe ginearálta **an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis** chun tacú leis na Ballstáit agus chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil COVID-19.






## 23.3

Cuireadh **lánaí glasa** chun feidhme chun sreabhadh leanúnach earraí agus seirbhísí riachtanacha thar theorainneacha náisiúnta a chinntiú le linn na paindéime.

## AIBREÁN 2020

### 2.4

Sheol an Coimisiún an **Ionstraim nua le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE).**





### 2.4

Mhol an Coimisiún **an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas** (CRII) chun cabhrú leis na Ballstáit a bhfreagairt ar ghéarchéim COVID-19 a mhaoiniú, agus leas á bhaint as **€8 mbilliún** ó chistí atreoraithe a bhí ar fáil faoin m**Beartas Comhtháthaithe**.

### 22.4

Mhol an Coimisiún **pacáiste cúnaimh mhacra-airgeadais dar luach €3 bhilliún** chun cabhrú le 10 gcinn de chomhpháirtithe um méadú agus comhpháirtithe comharsanachta teorainn a chur le hiarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID-19.


© Adobe Stock

## BEALTAINE 2020

### 20.5

Glacadh **Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030**, chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus an **Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'** chun an t-aistriú chuig córas bia inbhuanaithe de chuid an Aontais a chumasú.





### 27.5

Mhol an Coimisiún **NextGenerationEU**, **plean téarnaimh dar luach breis agus €800 billiún** chun cabhrú leis an Aontas téarnamh ó phaindéim COVID-19 agus chun an t-aistriú glan agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach.

Ó mhí Feabhra 2024 i leith, bhí beagnach **€225 bhilliún** bainte amach ag eisíocaíochtaí faoi **Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta NextGenerationEU**.

# MEITHEAMH 2020



## 17.6

Cuireadh **straitéis an Aontais um vacsaíní** i láthair chun dlús a chur le vacsaíní in aghaidh COVID-19 a fhorbairt, a mhonarú agus a chur ar fáil.

# IÚIL 2020

## 1.7

Sa **Chlár Oibre Eorpach um Scileanna** le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta, leagadh amach cuspóirí uaillmhianacha maidir le huas-sciliú agus athsciliú sna 5 bliana amach romhainn trí bhíthin 12 thionscnamh shuaitheanta.



## 24.7

Glacadh **straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála 2020–2025**, ag díriú ar réimsí amhail an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac, bagairtí hibrideacha a chosc agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a mhéadú.

# LÚNASA 2020

## 27.8

Shínigh an Coimisiún a chéad chonradh le comhlacht cógaisíochta, lenar féidir le **Ballstáit uile an Aontais vacsaín shábháilte in aghaidh COVID-19 a cheannach**. Síníodh conarthaí breise sna seachtainí ina dhiaidh sin agus údaraíodh ceithre vacsaín shábháilte idir mí na Nollag 2020 agus mí an Mhárta 2021, agus ar gcaoi sin chinntigh an Coimisiún **leathadh amach mear vacsaínithe ar fud na hEorpa**.



## MEÁN FÓMHAIR 2020

### 18.9

Chuir an Coimisiún chun tosaigh an chéad **phlean gníomhaíochta AE maidir le frithchiníochas**.





### 30.9

Chuir an Coimisiún an chéad **Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta** i láthair, ina scrúdaítear staid an smachta reachta ar fud an Aontais.

## DEIREADH FÓMHAIR 2020

### 6.10

Glacadh **plean eacnamaíoch agus infheistíochta** chun téarnamh na m**Balcán Thiar** a spreagadh agus chun **lánpháirtiú réigiúnach** a chothú.






### 7.10

Ghlac an Coimisiún **creat straitéiseach nua an Aontais maidir leis na Romaigh**, plean 10 mbliana chun tacú leis na Romaigh san Aontais.

### 13.10

Sheol an Coimisiún Eorpach an **tairseach ar líne Access2Markets** chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide trádáil lasmuigh de theorainneacha an Aontais.



## SAMHAIN 2020



# 11.11

Seoladh an **clár oibre nua do thomhaltóirí** chun a chur ar a gcumas do thomhaltóirí an Aontais ról gníomhach a bheith acu san aistriú glan agus san aistriú digiteach.



# 11.11

Mhol an Coimisiún **Aontas Sláinte Eorpach** a thógáil ar mhaithe le hullmhacht agus freagairt níos láidre i dtaca le géarchéimeanna a bheith ann san Eoraip.



# 12.11

Chuir an Coimisiún i láthair an chéad **straitéis AE maidir le comhionannas LGBTIQ**.



# 19.11

Cuireadh an **straitéis maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta** i láthair.



# 25.11

Mhol an tAontas **clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do cumhachtú na mban i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais**.

## NOLLAIG 2020

# 3.12

Ghlac an Coimisiún **Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach** chun saoránaigh a chumhachtú agus chun daonlathais níos athléimní a fhorbairt ar fud an Aontais.





## 8.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **rialachán InvestEU** chun infheistíocht phríobháideach a charnadh isteach chun tacú le tosaíochtaí beartais an Aontais, amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Táthar ag súil go slógfar **€372 bhilliún** ar a laghad in infheistíocht bhreise trí **InvestEU** faoi 2027.




## 9.12

Chuir an Coimisiún **clár oibre nua don fhrithsceimhlitheoireacht** i láthair chun go gcuirfidh an tAontas dlús leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh agus chun borradh a chur faoi athléimneacht an Aontais i gcoinne bagairtí sceimhlitheoireachta.




## 17.12

**Ghlac** Comhairle an Aontais Eorpaigh an creat airgeadais ilbhliantúil, **buiséad fadtéarmach an Aontais le haghaidh na tréimhse 2021-2027**, dar luach **€1.211 trilliún** i bpraghsanna reatha.



## 24.12

Tar éis dianchaibidlíochta, **thángthas ar chomhaontú** maidir leis an g**Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe**, lena leagtar amach an caidreamh nua idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.



## 27.12

**Rinneadh muintir na hEorpa a vacsaíniú** in aghaidh COVID-19 den chéad uair.

Sna míonna ina dhiaidh sin, **ghlac 80 % de na daoine fásta san Aontas** an cúrsa vacsaínithe tosaigh in aghaidh COVID-19, agus fuair **os cionn 65 %** díobh an chéad teanndáileog.

## EANÁIR 2021

### 18.1

Sheol an Coimisiún céim deartha **an tionscnaimh 'Bauhaus nua Eorpach'**, lena bhféachtar le dearadh, inbhuanaitheacht agus infheistíocht a chur le chéile chun cuidiú chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích.




## FEABHRA 2021

### 3.2

Cuireadh **plean sáraithe ailse na hEorpa** i láthair, agus cur chuige nua an Aontais maidir le cosc, cóireáil agus cúram na hailse mar chuid de.





### 9.2

Mhol an tAontas **Clár Oibre nua don Mheánmhuir** atá uaillmhianach agus nuálach. Le **Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta tiomnaithe**, spreagfar téarnamh socheacnamaíoch fadtéarmach i gComharsanacht an Deiscirt agus neartófar an chomhpháirtíocht straitéiseach.

### 18.2

Leag an Coimisiún amach **beartas trádála an Aontais**, beartas atá oscailte, inbhuanaithe agus ceannasach, do na blianta atá le teacht.



## MÁRTA 2021

### 3.3

Chuir an Coimisiún i láthair a **straitéis le haghaidh na tréimhse 2021–2030 maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas**, chun a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a chinntiú.





### 4.3

Leagadh amach i b**Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** spriocanna soiléire Eorpacha maidir le fostaíocht, oiliúint agus laghdú bochtaineachta faoi 2030.

### 9.3

Le **Deacáid Dhigiteach na hEorpa**, leag an Coimisiún amach an bealach i dtreo Eoraip a bheidh cumhachtaithe go digiteach faoi 2030.





### 24.3

Glacadh **straitéis an Aontais um chearta an linbh**, agus moladh ón gComhairle lena mbunaítear ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

## AIBREÁN 2021

### 14.4

Cuireadh i láthair **straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe** mar aon le **straitéis nua chun an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac.**





## 29.4

Ghlac na comhreachtóirí **an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne**. Tá feidhm aige ón 7 Meitheamh 2022.

# BEALTAINE 2021



## 17.5

Mhol an Coimisiún cur chuige nua maidir le **geilleagar gorm inbhuanaithe** san Aontas do thionscail agus d'earnálacha a bhaineann leis **na haigéin, na farraigí agus na cóstaí**.

# MEITHEAMH 2021



## 2.6

Chuir an Coimisiún **straitéis nua i láthair chun limistéar Schengen a dhéanamh níos láidre agus níos athléimní**.



## 15.6

Sheol **an tUachtarán von der Leyen** agus **Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** chun aistriú digiteach domhanda atá bunaithe ar luach a threorú.

## 21.6

Gheall Institiúidí an Aontais, rialtais an Aontais agus an tsochaí shibhialta oibriú le chéile den chéad uair chun dul i ngleic leis an easpa dídine san Aontas tríd **an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac** a sheoladh.






## 30.6

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar **rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí agus creidmheas tomhaltóirí**, rud a threiseoidh an líontán sábhála do thomhaltóirí an Aontais.

# IÚIL 2021

## 1.7

Glacadh níos tapúla ná riamh **Deimhniú Digiteach COVID an Aontais**, a mhol an Coimisiún i mí an Mhárta 2021 chun an taisteal a éascú agus chun cabhrú le muintir na hEorpa a saoirse a fháil ar ais go sábháilte.





## 14.7

Ghlac an Coimisiún Eorpach **'Oiriúnach do 55'**, pacáiste tograí chun beartais aeráide, fuinnimh, úsáide talún, iompair agus chánach an Aontais a chur in oiriúint chun **glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030**, le hais leibhéil 1990.

## MEÁN FÓMHAIR 2021

### 16.9

Sheol an Coimisiún an t**Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandálaí Sláinte** (HERA) chun éigeandálaí sláinte a chosc agus a bhrath agus chun freagairt go pras orthu.



## DEIREADH FÓMHAIR 2021

### 5.10

Chuir an Coimisiún i láthair **straitéis de chuid an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú** (2021–2030), an chéad straitéis den chineál sin riamh.






### 12.10

Tar éis togra i mí Iúil 2021, d'eisigh an Coimisiún **an chéad bhanna glas** chun an téarnamh inbhuanaithe a mhaoiniú.

### 27.10

Glacadh **athbhreithniú ar rialacha baincéireachta an Aontais** chun a chinntiú go mbeidh bainc san Aontas níos athléimní in aghaidh suaití eacnamaíocha amach anseo agus, ag an am céanna, go cuirfear le haistriú na hEorpa i dtreo na haeráidneodrachta.



## SAMHAIN 2021

### 2.11

D'fhógair an Coimisiún **gealltanas €1 bhilliún chun foraoisí an domhain a chosaint** ag **COP26**. Bhí ról ríthábhachtach ag an Aontas ag **COP27** (2022) agus **COP28** (2023) ina dhiaidh sin, dhaingnigh sé comhaontú maidir le caillteanas agus damáiste de dheasca an athraithe aeráide a mhaoiniú, agus chuir sé go mór leis na huaillmhianta aeráide domhanda ionas go mbeidh cuspóir 1.5 °C Chomhaontú Pháras insroichte.





### 25.11

Thug an Coimisiún tionscnaimh nua isteach chun **borradh a chur faoi na margaí caipitil**, chun cuideachtaí agus infheisteoirí a nascadh ar bhealach níos fearr agus chun é a dhéanamh níos éasca cistí infheistíochta a dhíol thar theorainneacha.

## NOLLAIG 2021

### 1.12

Sheol an tAontas **Global Gateway**, straitéis arb é is aidhm di **infheistíocht dar luach suas le €300 billiún a shlógadh don domhan mór** trí thionscadail infheistíochta ardcháilíochta a chur ar fáil a urramaíonn ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta, bainistíocht fhónta airgeadais, agus inbhuanaitheacht, agus leasanna ár gcomhpháirtithe agus leasanna an Aontais araon á gcur san áireamh.




### 8.12

Mhol an Coimisiún **rialacha nua chun malartú faisnéise agus comhar póilíneachta a neartú** (Rialachán Prüm II), ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith i mí na Samhna 2023.







### 8.12

Mhol an Coimisiún **uirlis nua chun cur i gcoinne úsáid an chomhéigin eacnamaíoch ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad**.




## 9.12

Mhol an Coimisiún **feabhas a chur ar dhálaí oibre na ndaoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha** agus **plean gníomhaíochta** a chur chun cinn chun cabhrú le **geilleagar sóisialta na hEorpa** a bheith rathúil.




## 9.12

Mhol an Coimisiún **liosta choireanna an Aontais** a leathnú chun **an fhuathchaint** agus **an fhuathchoireacht** a chuimsiú.




## 14.12

Mhol an Coimisiún **córas iompair an Aontais a nuachóiriú** trí níos mó paisinéirí agus lasta a aistriú chuig an iarnród, pointí luchtaithe a rolladh amach, agus béim níos láidre a leagan ar iompar uirbeach inbhuanaithe.



## 15.12

Mhol an Coimisiún **creat nua de chuid an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú, chun hidrigin a chur chun cinn agus chun astaíochtaí meatáin a laghdú**.



## 21.12

Beartaíodh **beartas nua** chun tacú le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh iarchomhraiceoirí, mar chuid de **rannchuidiú an Aontais le comhdhlúthú na síochána**.

## EANÁIR 2022

### 1.1

**Rinneadh comóradh ar 20 bliain den euro** a bheith i bpócaí na saoránach. Faoi láthair, tá níos mó ná **347 milliún duine ag úsáid an euro** ar fud **20 Ballstát**.





### 1.1

Cuireadh tús le **Bliain Eorpach na hÓige**, agus seoladh sraith tionscnamh lena gcumhdaítear guth níos láidre a thabhairt do dhaoine óga i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais.

## FEABHRA 2022

### 1.2

Chuir an Coimisiún togra síos le haghaidh **clár tacaíochta macra-airgeadais éigeandála** nua don Úcráin dar luach suas le **€1.2 billiún**.





### 17-18.2

Ag an gCruinniú Mullaigh **idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach**, tháinig na ceannairí ar chomhaontú maidir le fís chomhpháirteach le haghaidh **comhpháirtíocht athnuaite** a fhaigheann tacaíocht ó **Phacáiste Infheistíochta idir an Afraic agus an Eoraip**, le hinfheistíocht ar fiú **€150 billiún** í.

## 23.2

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le h**obair chuibhiúil ar fud an domhain** athdhearbhaítear **tiomantas an Aontais d’obair chuibhiúil** sa bhaile agus ar fud an domhain, agus **díothú an tsaothair leanaí agus an tsaothair éignithe** ina chroílár.





## 24.2

Ó thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, **tá 13 phacáiste smachtbhannaí crua forchurtha ag an Aontas**. Chuir an tAontas agus Foireann na hEorpa níos mó ná **€88 mbilliún** de thacaíocht fhoriomlán airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta ar fáil don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine.

# MÁRTA 2022

## 2.3

Mhol an Coimisiún an **Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú** chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt do 4 mhilliún duine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Bhí ról ríthábhachtach ag an **Ardán Dlúthpháirtíochta ‘an Úcráin’** a bhunaigh an Coimisiún díreach tar éis ghníomhachtú na treorach ó thaobh freagairt chomhordaithe a chinntiú.




## 8.3

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin agus a cuid acmhainní fuinnimh a bheith á n-úsáid mar arm aici, **chuir an Coimisiún plean REPowerEU i láthair go pras** le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe.




## 8.3

Mhol an Coimisiún **rialacha uile-Aontais chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**.



## 8.3

Mhol an Coimisiún **Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE)** chun tacú leis na Ballstáit **cúnamh éigeandála a chur ar fáil** do dhaoine atá ag teitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.



## 11.3

Chuir Tascfhórsa ‘**Calcadh agus Coigistiú**’ an Choimisiúin dlús lena ghníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta.



## 21.3

Tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir le **Compás Straitéiseach le haghaidh slándáil agus cosaint níos láidre san Aontas** sna deich mbliana amach romhainn.



## 23.3

Leag an Coimisiún amach na **roghanna chun praghsanna arda fuinnimh a mhaolú** trí **chomhcheannacháin gháis** agus trí **oibleagáidí maidir le híosleibhéal stórála gáis**. Mhol sé freisin bearta chun **feabhas a chur ar an tslándáil bia ar fud an domhain**, agus chun **tacú le feirmeoirí agus tomhaltóirí** san Aontas i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar phraghsanna.



## 25.3

Ghlac an Coimisiún **cinneadh leordhóthanachta nua maidir le sreafaí sábháilte iontaofa sonraí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe**.



## 31.3

Chuir an Coimisiún i láthair an Plean 10 bPointe maidir leis an Úcráin chun **comhordú Eorpach níos láidre** a chinntiú maidir le fáilte a chur roimh dhaoine atá ag teitheadh ó fhogha na Rúise faoin Úcráin.



## AIBREÁN 2022

### 5.4

**An Coimisiún Eorpach a Ghlasú**: bhí rún daingean ag an gCoimisiún dea-shampla a thabhairt agus plean uaillmhianach a leagan amach chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2030 laistigh dá sheirbhísí.





### 25.4

Sheol **an tUachtarán von der Leyen agus an Príomh-Aire Narendra Modi an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India**. Chomhaontaigh an tAontas comhpháirtíochtaí digiteacha breise le go leor comhpháirtithe idirnáisiúnta, **Ceanada**, **an tSeapáin**, **Poblacht na Cóiré** agus **Singeapór** san áireamh.

### 27.4

Mhol an Coimisiún **beartas maidir leis an imirce dhleathach,** lena n-áiríodh tionscnaimh a rachadh chun tairbhe gheilleagar an Aontais, a neartódh an comhar le tíortha nach de chuid an Aontais iad agus a chuirfeadh feabhas ar bhainistiú foriomlán na himirce san fhadtéarma.



## BEALTAINE 2022

### 3.5

Mhol an Coimisiún an **Spás Eorpach Sonraí Sláinte** chun daoine a chumhachtú chun a gcuid sonraí sláinte a rialú agus a úsáid in aon Bhallstát, rud a chothaíonn fíormhargadh aonair le haghaidh seirbhísí agus táirgí sláinte digiteacha.





### 9.5

**Tugadh obair na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa chun críche**. Is é an toradh a bhí ar an díospóireacht agus an comhar, rud a mhair bliain amháin, ná 49 moladh agus níos mó ná 320 beart d'institiúidí an Aontais chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

## 12.5

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na **Lánaí Dlúthpháirtíochta** a bhunú, conairí riachtanacha lena gcinnteofar gur féidir leis an Úcráin grán agus táirgí eile a easpórtáil agus na hearraí atá de dhíth uirthi a iompórtáil.





## 13.5

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil i ndáil le **rialacha nua maidir le cibearshlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise**, lena gcinnteofar go gcosnófar saoránaigh agus gnólachtaí agus gur féidir leo muinín a bheith acu as seirbhísí bunriachtanacha. Tháinig siad i bhfeidhm i mí Eanáir 2023.

## 18.5

Chuir an Coimisiún i láthair **plean mionsonraithe REPowerEU** chun **an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú** go tapa agus dlús a chur leis an **aistriú glan**, agus spriocanna feabhsaithe ann maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir sé i láthair freisin pleananna chun aghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoinithe na hÚcráine agus ar an atógáil fhadtéarmach.



# MEITHEAMH 2022

## 7.6

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an togra ón gCoimisiún chun **feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí**.



## 23.6

Bunaithe ar an moladh ón gCoimisiún, thug Ceannairí an Aontais **stádas mar iarrthóir** don **Mholdóiv** agus don **Úcráin**.




# IÚIL 2022

## 19.7

Chuir an tAontas Eorpach tús leis an g**caibidlíocht aontachais** leis **an Albáin** agus leis **an Macadóin Thuaidh.**





## 20.7

Chuir an Coimisiún i láthair an togra '**Coigil Gás le haghaidh Geimhreadh Sábháilte**' chun an tAontas a ullmhú do chiorruithe ar sholáthar gáis ón Rúis.

Faoi mhí Lúnasa 2023, bhí **sprioc nua an Aontais maidir le leibhéal stórála gáis 90 %** bainte amach aige. Tá an tAontas ag druidim le deireadh shéasúr téimh gheimhreadh 2023-2024 anois agus cúlchistí láidre stórála gáis aige agus praghsanna fuinnimh níos ísle ná mar a bhí roimh ionradh na Rúise ar an Úcráin.

# MEÁN FÓMHAIR 2022

## 14.9

Mhol an Coimisiún **idirghabháil éigeandála i margaí fuinnimh na hEorpa** chun dul i ngleic le harduithe móra ar phraghsanna, uasteorainn shealadach ar bhrabúis eisceachtúla ag cuideachtaí fuinnimh san áireamh. Ghlac an Chomhairle í i mí Dheireadh Fómhair 2022.






## 20.9

**Rinneadh comóradh ar 35 bliana den chlár Erasmus+. Bhí thart ar 15 mhilliún rannpháirtí** in ann foghlaim, obair nó oiliúint a dhéanamh thar lear ó bunaíodh é in 1987.

# DEIREADH FÓMHAIR 2022

## 4.10

Fógraíodh sé shuíomh sa tSeicia, sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Pholainn chun **na chéad ríomhairí candamacha** Eorpacha a óstáil.






## 4.10

Ghlac na comhreachtóirí **an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach**, a mhol an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2020, chun cómhargáil a chur chun cinn agus chun cosaint pá íosta a fheabhsú d'oibrithe san Aontas.




## 4.10

Ghlac an tAontas **an chéad Phlean Gníomhaíochta don Aos Óg riamh i réimse ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais**, chun dul i gcomhar le daoine óga ar mhaithe le todhchaí níos athléimní, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a thógáil.



## 18.10

Rinne an Coimisiún **moltaí breise chun praghsanna arda fuinnimh a chomhrac** agus **chun slándáil an tsoláthair a chinntiú le Meicníocht Ceartúcháin Margaidh** chun luaineacht sa mhargadh fuinnimh a laghdú agus chun teorainn a chur le praghsanna in imthosca áirithe.



## 28.10

Leis an gcéad **chomhaontú 'Oiriúnach do 55'** cuirfear deireadh san Aontas le díolachán carranna a astaíonn $CO_2$ faoi 2035.

# SAMHAIN 2022

## 1.11

Tháinig an **Gníomh um Margaí Digiteacha**, a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2020, i bhfeidhm. Cinntíonn an gníomh margaí digiteacha atá cothrom, oscailte agus inchoimhlinte ionas go bhfásfaidh gnólachtaí digiteacha.





## 3.11

D'infheistigh an Coimisiún **€3 bhilliún i dtionscadail nuálacha teicneolaíochta glaine** chun **REPowerEU** a chur i gcrích agus chun dlús a chur le neamhspleáchas fuinnimh na hEorpa ó bhreoslaí iontaise na Rúise.

## 9.11

Mhol an Coimisiún **pacáiste tacaíochta airgeadais don Úcráin atá cobhsaí, rialta agus intuartha, pacáiste nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, dar luach suas le €18 mbilliún** don bhliain 2023 — agus dar luach €1.5 billiún in aghaidh na míosa ar an meán. Eisíocadh an méid iomlán.



## 10.11

Leathnaíodh an **Comhshocrú um Scileanna go 1 000 comhalta** agus comóradh á dhéanamh ar dhá bhliain an chomhshocraithe. Faoin gcomhshocrú, seoladh 15 chomhpháirtíocht mhórscála ar fud raon leathan earnálacha.
I dteannta a chéile, gheall na hearnálacha sin **breis agus 6 mhilliún oibrí san Aontas a athsciliú nó a uas-sciliú**.





## 11.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an togra ón gCoimisiún chun **an t-aistriú carbóin a mhéadú trí úsáid talún, foraoiseacht** agus talmhaíocht, ar gné é den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é.




## 16.11

Tháinig an **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha** i bhfeidhm, lena mbunaítear sraith nua rialacha de chuid an Aontais le haghaidh timpeallacht ar líne atá níos sábháilte agus níos cuntasaí mar a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2020.



## 21.11

Mhol an Coimisiún **plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an Meánmhuir Láir** chun tacú leis na Ballstáit sin a bhfuil dúshláin imirce rompu le bearta oibríochtúla a ghlacfar láithreach. Ansin bhí trí phlean gníomhaíochta eile maidir leis na príomhbhealaí imirce: na Balcáin Thiar, an Mheánmhuir Thiar agus an tAtlantach, agus an Mheánmhuir Thoir.



## 22.11

Mhol an Coimisiún **ionstraim chun teorainn a chur le harduithe iomarcacha ar phraghsanna gáis** agus leag sé amach treoir maidir le comhordú na mbeartas eacnamaíoch chun cabhrú le dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh.




## 30.11

Mhol an Coimisiún **rialacha nua uile-Aontais chun pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú**.




## 30.11

Glacadh **Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais** chun feabhas a chur ar an tslándáil sláinte dhomhanda agus sláinte níos fearr a chur ar fáil do chách.

# NOLLAIG 2022

## 3.12

**Chomhaontaigh G7 caidhp phraghais ar ola ón Rúis**, lena laghdaítear ioncaim na Rúise agus margaí fuinnimh domhanda á gcoimeád cobhsaí an tráth céanna.






## 9.12

Chomhaontaigh na comhreachtóirí **dlí nua maidir le ceallraí níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí**, mar a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2020, chun tacú leis an aistriú fuinnimh agus leis an iomaíocht sa tionscal.



## 15.12

Thug an Chomhairle Eorpach **stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht AE don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin** ar bhonn moladh ón gCoimisiún.



## 16.12

Shínigh an tAontas agus an Úcráin **pacáiste tacaíochta €100 milliún** chun **athchóiriú a dhéanamh ar scoileanna a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca an chogaidh**.



## 18.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an g**córas trádála astaíochtaí** a neartú agus **Ciste Aeráide Sóisialta** a chruthú chun tacú le daoine san aistriú chuig fuinneamh níos glaine, mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’.



## 19.12

Ag **Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht** (COP15), **chuaigh an tAontas i bpáirt le 195 thír i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta Kumming-Montréal, rud nach bhfacthas riamh roimhe**, agus ina bhfuil cuspóirí agus spriocanna domhanda darb aidhm an dúlra a chosaint agus a athshlánú do na glúnta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

# EANÁIR 2023

## 1.1

**Rinne an tAontas cothrom 30 bliain a mhargaidh aonair a cheiliúradh** — ceann de na príomhéachtaí a bhaineann leis an lánpháirtíocht Eorpach.





## 1.1

**Chuaigh an Chróit isteach sa limistéar euro** agus **i limistéar Schengen**.

## 10.1

**Shínigh an tAontas agus ECAT dearbhú comhpháirteach** maidir le comhar chun dlús a chur lena gcuid oibre maidir le bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí a chomhrac, dlús a chur leis an gcomhar maidir le teicneolaíochtaí suaiteacha agus an spás, aghaidh a thabhairt ar impleachtaí slándála na géarchéime aeráide, agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú.



## 12.1

Tháinig an **Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha**, a mhol an Coimisiún i mí na Bealtaine 2021, i bhfeidhm, lena gceadaítear don Aontas leanúint de bheith oscailte don trádáil agus don infheistíocht agus cothrom na Féinne a chinntiú do gach cuideachta atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair ag an am céanna.




## 16.1

Tháinig an **Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil**, a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2020, i bhfeidhm.



## FEABHRA 2023

### 1.2

Chuir an Coimisiún i láthair **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais** chun iomaíochas glan-nialasach na hEorpa a fheabhsú agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht.





### 1.2

Thaisteal an tUachtarán von der Leyen agus 15 Choimisinéir chun na hÚcráine **don chéad chruinniú riamh idir an Coláiste agus an Rialtas**.

### 13.2

Leag an Coimisiún amach **rialacha maidir le hidrigin in-athnuaite**.






### 27.2

D'fhógair an tUachtarán von der Leyen agus Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe Rishi Sunak **Creat Windsor**, sraith de réitigh chomhpháirteacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phraiticiúla atá roimh shaoránaigh agus gnólachtaí i dTuaisceart Éireann.

## MÁRTA 2023


### 9.3

Glacadh an **creat sealadach géarchéime agus aistrithe le haghaidh bearta státchabhrach** chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don aistriú i dtreo geilleagar glan-nialasach.



## 10.3

Chuir an tAontas i láthair **Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint** agus **Straitéis Slándála Muirí an Aontais** le haghaidh Aontas níos láidre agus níos athléimní i ngach réimse slándála.





© Adobe Stock

## 14.3

Bhunaigh an Coimisiún **an chéad straitéis Eorpach um bainistiú comhtháite teorainneacha riamh** agus ghlac sé moladh do na Ballstáit maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh agus dlús a chur le fillteacha.

## 29.3


Mhol an Coimisiún **níos mó trédhearcachta agus níos lú maorlathais do chuideachtaí** chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó san Aontas Eorpach.



# AIBREÁN 2023

## 18.4

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an n**Gníomh Eorpach um Shliseanna**, a mhol an Coimisiún i mí Feabhra 2022 chun iomaíochas agus athléimneacht an Aontais a neartú. Tháinig sé i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair 2023.





## 18.4

Chláraigh an Coimisiún an **100ú Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**, rud a thugann deis do na saoránaigh ábhair a chur le clár oibre an Aontais.

## 25.4

Sheol an Coimisiún **an chéad ghlao ar chuideachtaí chun gás a cheannach go comhpháirteach** trí **Ardán Fuinnimh an Aontais**, chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil fuinnimh agus ar phraghsanna arda.






## 25.4

Ainmníodh **an chéad tacar d'ardáin agus innill chuardaigh an-mhór ar líne** faoin n**Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha**.

## BEALTAINE 2023

## 3.5

Mhol an Coimisiún **rialacha níos láidre chun an t-éilliú a chomhrac** san Aontas agus ar fud an domhain.






## 3.5

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh **Gníomh mar Thaca le Táirgeadh Lóin Airm**, plean €500 milliún chun **borradh a chur ar bhonn práinne faoi acmhainneachtaí tionscail cosanta an Aontais**. Ghlac na comhreachtóirí é i mí Iúil 2023.

## 9.5

Cuireadh tús le **Bliain Eorpach na Scileanna** le féile scileanna.






## 17.5

Chuir an Coimisiún tograí ar aghaidh le haghaidh an **athchóirithe is uaillmhianaí** ar **Aontas Custaim an Aontais** ó bunaíodh é.

# MEITHEAMH 2023

## 6.6

Tháinig rialacha nua i bhfeidhm maidir le tuilleadh trédhearcachta agus forfheidhmiú éifeachtach phrionsabal **an phá chomhionainn idir mná agus fir**, mar a mhol an Coimisiún i mí an Mhárta 2021.





## 7.6

Mar obair leantach ar na tograí ón g**Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**, chuir an Coimisiún **cur chuige cuimsitheach maidir leis an meabhairshláinte** chun cinn.

## 13.6

Mhol an Coimisiún **bearta nithiúla chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta** agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair sin maidir le poist, nuálaíocht agus cuimsiú sóisialta.



## 19.6

Tugadh caibidlíocht i gcrích idir **an tAontas** agus **an Chéinia** le haghaidh **Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche** uaillmhianach a mbeidh forálacha láidre inbhuanaitheachta ann.






## 20.6

Chuir an tAontas **Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch** i láthair chun na rioscaí a eascraíonn as spleáchas eacnamaíoch a íoslaghdú, agus uasleibhéil oscailteachta agus fuinnimh eacnamaíoch an Aontais á gcaomhnú.

## 28.6

Chuir an tAontas **ionchas nua cuimsitheach ar bhagairtí maidir leis an athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil ar shíochain, slándáil agus cosaint** i láthair.






## 29.6

Tháinig dlí nua, a mhol an Coimisiún i mí na Samhna 2021, i bhfeidhm chun **an dífhoraoisiú domhanda** agus **an díghrádú foraoise a chomhrac**, arb é an táirgeadh agus an tomhaltas san Aontas is cúis leis.

# IÚIL 2023

## 9.7

Shínigh **an tAontas** agus **an Nua-Shéalainn comhaontú saorthrádála** uaillmhianach.





## 19.7

Chuir an tAontas **a chéad athbhreithniú deonach ar dhul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** i láthair ag Fóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe.

# MEÁN FÓMHAIR 2023

## 12.9

Mhol an Coimisiún **BEFIT (Gnó san Eoraip: creat le haghaidh cánachas ioncaim')** chun cánachas a éascú do ghnólachtaí agus d'údaráis chánach araon trí shraith aonair rialacha a thabhairt isteach ar mhaithe le bonn cánach grúpaí cuideachtaí a chinneadh.



© Adobe Stock




© Adobe Stock

## 15.9

Chuir an Coimisiún **clabhsúr foirmiúil ar an Sásra Comhair agus Fíorúcháin** (CVM) don **Bhulgáir** agus don **Rómáin**.

# DEIREADH FÓMHAIR 2023

## 1.10

Cuireadh tús le hidirthréimhse an t**Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha**, uirlis an Aontais chun sceitheadh carbóin a chomhrac.






## 1.10

Tháinig **Coinbhinsiún Iostanbúl** maidir le **Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac** i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas Eorpach.

## 16.10

Mhol an Coimisiún **bearta chun cosc a chur ar thruailliú micreaphlaisteach** ó scaoileadh neamhbheartaithe millíní plaisteacha.





## 18.10

Sheol an tAontas **Aerdhroichead Daonnúil go Gaza**. Le breis agus 40 eitilt, tá breis agus 1 700 tona d'earraí fóirithinte daonnúla seachadta ag an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil ó shin, cuir i gcás soláthairtí leighis, ionaid dídine, cothú, ábhar lóistíochta agus busanna.

## 18.10

Leag an Coimisiún amach **treochlár nua AE** de bhearta tosaíochta chun **an choireacht eagraithe** agus **an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac**.






## 24.10


Leag an Coimisiún amach an **Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Gaoithe** chun tacú le tionscal cumhachta gaoithe na hEorpa agus leis an aistriú chuig fuinneamh glan.

# SAMHAIN 2023

## 7.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **rialacha trédhearcachta le haghaidh na fógraíochta polaitiúla**, cuid de na tograí ón gCoimisiún ó mhí na Samhna 2021 chun sláine na dtoghchán a chosaint agus chun tacú le díospóireacht dhaonlathach oscailte.






## 8.11

Ghlac an Coimisiún **plean fáis nua do na Balcáin Thiar** chun an réigiún a thabhairt níos gaire don Aontas Eorpach trí rochtain a thabhairt ar phríomhréimsí an mhargaidh aonair roimh aontachas.




## 8.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí**, a mhol an Coimisiún i mí an Mheithimh 2021. Tabharfaidh sé sin an tAontas níos gaire do sprioc na Deacáide Digití 2030 maidir le ríomh-shainaitheantas a bheith ann i ngach ceann de na 27 mBallstát.



## 9.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **dlí cinniúnach chun an dúlra a chosaint agus a athbhunú**, a mhol an Coimisiún i mí an Mheithimh 2022.



## 13.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an n**Gníomh um Amhábhair Chriticiúla**, 8 mí tar éis an togra ón gCoimisiún.




## 14.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an **dlí chun srian a chur le hastaíochtaí meatáin** in earnáil an fhuinnimh, a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2021.

## 15.11

Síníodh **Comhaontú Shamó**, comhaontú comhpháirtíochta nua idir **an tAontas** agus **79 dtír san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin**. Leagtar amach ann an creat don chomhar polaitiúil, eacnamaíoch agus earnála don chéad 20 bliain eile.






## 15.11

Mhol an Coimisiún an **Pacáiste Soghluaisteachta Scileanna agus Tallainne**, atá dírithe ar chabhrú le daoine na scileanna cearta a fháil le haghaidh poist ardcháilíochta agus ar thacú le cuideachtaí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna san Eoraip.

## 23.11

Sheol an Coimisiún **an chéad cheant faoin mBanc Eorpach Hidrigine** chun tacú le táirgeadh hidrigine in-athnuaite san Eoraip, agus ioncam trádála astaíochtaí dar luach **€800 milliún** ann ar dtús.







## 27.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **rialacha comhchoiteanna le haghaidh margaí inmheánacha** i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin, mar a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2021.

## 28.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis na **dlíthe nua maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha**, a mhol an Coimisiún i mí Aibreáin 2022.






## 28.11

Sheol an Coimisiún glao ar ghníomhaíocht le haghaidh **na Comhghuaillíochta Domhanda chun cur i gcoinne Smuigleáil na nImirceach** agus mhol sé **creat dlíthiúil** nuashonraithe agus neartaithe **de chuid an Aontais** ionas nach mbeidh daoine ina n-íospartaigh smuigleála.

## 28.11

Thug **an tAontas** agus **an tSeapáin** comhaontú cinniúnach i gcrích maidir le sreabha sonraí trasteorann.





## 29.11

Ghlac an Coimisiún sraith **tograí chun feabhas a chur ar eispéireas** paisinéirí agus taistealaithe trína gcearta a neartú.

## 30.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le rialacha nua, a mhol an Coimisiún i mí Aibreáin 2022, **chun cosaint a thabhairt dóibh siúd ar a ndírítear cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí** (SLAPP), amhail iriseoirí, cosantóirí ceart agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.







## 30.11

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an n**Gníomh um Chibear-Athléimneacht**, a mhol an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2022. Leagtar amach sa Ghníomh ceanglais maidir le crua-earraí agus bogearraí le haghaidh táirgí digiteacha san Aontas.

# NOLLAIG 2023

## 4.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe** mar a mhol an Coimisiún i mí an Mhárta 2022.



## 6.12

Ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht '**Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha**', gairm chun gníomhaíochta do gach Eorpach chun seasamh i gcoinne an fhuatha agus chun labhairt amach ar son na caoinfhulaingthe agus an mheasa.






## 7.12

Ghlac an Coimisiún tionscnaimh maidir le **leas ainmhithe** lena leagtar síos rialacha níos fearr maidir le hiompar ainmhithe, agus maidir le leas feabhsaithe madraí agus cat i bhfeirmeacha pórúcháin agus i siopaí peataí.

## 7.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **rialacha nua maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**, mar a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2021.






## 9.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an n**Gníomh um an Intleacht Shaorga**, an chéad rialachán cuimsitheach maidir leis an intleacht shaorga, a mhol an Coimisiún i mí Aibreáin 2021.

## 12.12

Ghlac an Coimisiún **an pacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais** chun dul i ngleic leis an mbagairt a bhaineann le tionchar eachtrach ceilte inár saol daonlathach agus chun cuidiú le forbairt na hathléimneachta daonlathaí.






## 13.12

**Ag COP28**, d'éirigh le hidirbheartaithe an Aontais **gealltanas stairiúil domhanda** a thabhairt maidir le fuinneamh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030, agus aistriú ó bhreoslaí iontaise, sa chéad athbhreithniú domhanda ar Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide.

## 13.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis **an dlí chun feabhas a chur ar dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais**, a mhol an Coimisiún i mí an Mhárta 2023 **chun borradh a chur faoi fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas tionsclaíoch**.







## 13.12

Shínigh **an tAontas** agus **an tSile Creat-Chomhaontú Ardleibhéil** agus Comhaontú Trádála Eatramhach chun an comhar polaitiúil a neartú agus an trádáil agus an infheistíocht a chothú.

## 14.12

Bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún, chinn ceannairí an Aontais tús a chur le **caibidlíocht aontachais leis an Moldóiv agus leis an Úcráin**, agus leis an m**Boisnia agus an Heirseagaivéin** a luaithe a bhainfear an leibhéal comhlíonta is gá amach, agus **stádas tír is iarrthóir a thabhairt don tSeoirsia**.



## 15.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an n**Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán**, a mhol an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2022 chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán a chosaint san Aontas.





## 18.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **caighdeáin astaíochtaí feithiclí Euro 7**, a mhol an Coimisiún i mí na Samhna 2022, agus maidir leis na **rialacha nua chun an gréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a fhorbairt**, a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2021.

## 20.12

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú stairiúil maidir le **cúig phríomhchomhad den Chomhaontú maidir le hImirce agus Tearmann**, ar céim mhór chun cinn é i dtreo comhchóras chun an imirce a bhainistiú san Aontas. Mhol an Coimisiún an Comhshocrú i mí Mheán Fómhair 2020.







## 30.12

Tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir leis **an mBulgáir** agus **an Rómáin teacht isteach i limistéar Schengen**, ag tosú le deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha aeir agus mara.

# EANÁIR 2024

## 1.1

Teacht i bhfeidhm **rialacha an Aontais lena dtugtar isteach íosráta cánachais 15 % le haghaidh cuideachtaí ilnáisiúnta** san Aontas. Cuireadh chun feidhme leis na rialacha Colún 2 den chomhaontú domhanda maidir le hathchóiriú cánach idirnáisiúnta, rialacha a lean an togra ón gCoimisiún i mí na Nollag 2021.





## 11.1

Tháinig an **Gníomh um Shonraí** i bhfeidhm, a mhol an Coimisiún i mí Feabhra 2022 chun úsáid, comhroinnt, stóráil agus próiseáil sonraí a spreagadh agus rialacha an Aontais á n-urramú go hiomlán.

## 18.1

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an togra ón gCoimisiún ó mhí Feabhra 2023 chun **astaíochtaí ó thrucailí, busanna agus leantóirí a laghdú** 90 % faoi 2040, i gcomparáid le leibhéil 1990, agus laghdú 100 % faoi 2035 i gcás busanna cathrach.







## 18.1

Tháinig comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an g**céad rialachán maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT)** agus maidir leis an séú treoir AML/CFT, lena gcruthaítear leabhar rialacha aonair chun obair Údarás nua an Aontais um an Sciúradh Airgid a chomhordú.

## 24.1

Sheol an Coimisiún **pacáiste nuálaíochta intleachta saorga** chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide i réimse na hintleachta saorga. Cuirfidh sé sin le sprioc na Deacáide Digití maidir le 75 % d'fhiontair a bheith ag bainte úsáide as an intleacht shaorga faoi 2030.



## 24.1

Ghlac an Coimisiún cúig thionscnamh chun **slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú** tráth a bhfuil teannas geopholaitiúil ag dul i méid agus athruithe móra teicneolaíochta ann, agus oscailteacht na trádála, na hinfheistíochta agus an taighde a chaomhnú do gheilleagar an Aontais ag an am céanna.





## 25.1

Sheol an tUachtarán Ursula von der Leyen **Idirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí na Talmhaíochta**, fóram nua chun fís chomhroinnte a mhúnlú do thodhchaí chóras feirmeoireachta agus bia an Aontais.

## 31.1

Thug **an tAontas** agus **comhpháirtithe sóisialta** in **Val Duchesse** gealltanas **an t-idirphlé sóisialta a neartú** chun dul i ngleic le dúshláin maidir le lucht saothair, agus scileanna agus ganntanas saothair san áireamh.




# FEABHRA 2024

## 1.2

Tháinig ceannairí an Aontais ar chomhaontú maidir leis an gcéad **athbhreithniú ar uasteorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil** riamh, '**an tSaoráid don Úcráin**' dar luach **€50 billiún** san áireamh, a mhol an Coimisiún i mí an Mheithimh 2023 chun tacú le hatógáil agus téarnamh na hÚcráine.






## 6.2

Mhol an Coimisiún nuashonrú a dhéanamh ar na rialacha **lena neartaítear an comhrac i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí**. Comhlánaíonn sé an togra ón gCoimisiún maidir le **reachtaíocht nua de chuid an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac**, a cuireadh ar aghaidh in 2022.

## 6.2

Mhol an Coimisiún **glanlaghdú 90 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2040** i gcomparáid le leibhéil 1990, sheol sé plé leis na páirtithe leasmhara ar fad agus chuir sé tús leis an bpróiseas chun an sprioc sin a scríobh i ndlí an Aontais.






## 6.2

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis an togra ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2023 le haghaidh **an Ghnímh um an Tionscal Glan-Nialasachta**, arb é is aidhm dó borradh a chur faoi chur in úsáid tionsclaíoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha is gá chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach.

## 6.2

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le rialacha nua do **Chód Teorainneacha Schengen**.




## 6.2

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an n**Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin**, a mhol an Coimisiún an 23 Feabhra 2023. Leis an ngníomh, tugtar isteach sraith gníomhaíochtaí chun cur chun feidhme líonraí fíor-ardacmhainneachta a shimpliú agus dlús a chur leis, agus ar an gcaoi sin spriocanna na Deacáide Digití 2030 a bhaint amach.







## 6.2

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis an togra ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2023 maidir le **rialacha comhchoiteanna chun deisiú earraí do thomhaltóirí a chur chun cinn**, lena dtugtar isteach ‘ceart chun deisiúcháin’ nua do thomhaltóirí.




## 10.2

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an **athchóiriú is uaillmhianaí agus is cuimsithí ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais** ó bhí an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais ann. Chuir an Coimisiún a thograí maidir le hathchóiriú i láthair i mí Aibreáin 2023.




## 20.2

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le h**aistrithe carbóin a dheimhniú chun cuidiú le hastaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach**, mar a mhol an Coimisiún i mí na Samhna 2022.

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

PDF ISBN 978-92-68-13195-4 doi:10.2775/017306 NA-02-24-278-GA-N